Cor Poist ón nGaelAonad, Foireann Trasearnála do Mheitheamh 2025

A Chairde,
Mí an Mheithimh, laethanta saoire an tsamhraidh buailte linn. Tá súil againn go mbeidh sos, atá tuillte againn ar fad, ag gach duine.
Seo chugaibh cor poist na míosa seo maidir le FCÁT.
Táimid ag tnúth le bheith ag obair libh arís an scoilbhliain seo chugainn.

Ó Fhoireann Treasearnála an GhaelAonaid

Cúrsa Samhraidh FCÁT do Bhunmhúinteoirí

Is cúis áthais dúinn in Oide, tú a chur ar an eolas go bhfuil Cúrsa Samhraidh ‘Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga’ (FCÁT) do cheannairí bunscoile agus do bhunmhúinteoirí deartha againn agus beidh sé ar siúl aghaidh-ar-aghaidh in dhá ionad oideachais an samhradh seo.
Ar an gcúrsa seo foghlaimeoidh múinteoirí faoi:

- céard atá i gceist le FCÁT
- conas FCÁT a chur i bhfeidhm trí:
  - mhodheolaíochtaí FCÁT
  - straitéisí praiticiúla teagaisc
  - na modhanna is fearr le ceachtanna FCÁT a ullmhú.

Sa chur chuige FCÁT, déantar ceachtanna ábhar eile (nach iad an Ghaeilge, an Béarla nó Teanga Iasachta iad) a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.

Tabharfaidh an cúrsa praiticiúil, idirghníomhach seo deis do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile machnamh a dhéanamh ar a dtaithí féin ar mhúineadh agus ar fhoghlaim agus ar phleanáil do cheachtanna a bhaineann leas as cur chuige FCÁT.



3 lá EPV ar fáil

Cláraigh trí cheann de na hIonaid Oideachais seo a leanas

Ionad Tacaíochta Oideachais an Chláir 1-5 Iúil 2025: Cláraigh ag an nasc seo.
Ionad Tacaíochta Oideachais Dhroim Conrach 18-22 Lúnasa 2025: Cláraigh ag an nasc seo

Cliceáil ar an íomhá ar an gcéad leathanach eile le breathnú ar fhíseán ar an tionscadal.



Clicéail ar an íomhá le rochtain a fháil ar thuilleadh eolais maidir leis an tionscadal

---

Tionscadal FCÁT ag an mbunscoil nó ag an Iar-bhunscoil - 2025-2026

Ar mhaith leat go mbeadh próifíl níos fearr ag an nGaeilge i do scoil? Ar mhaith leat uasoiliúint a fháil i gcur chuige FCÁT? Ar mhaith leat go mbeadh deis eile ag do scoláirí an Ghaeilge a fhoghlaim? Bhuel b'fhéidir go bhfuil an freagra againn i gcur chuige FCÁT.
I dTionscadal FCÁT don Ghaeilge 2025-2026 (an Roinn Oideachais) díritear ar ranganna na naíonán sóisearach & sinsearach, ranganna 5 & 6 sa bhunscoil agus do scoláirí na chéad bhliana ag an iar-bhunscoil.
Tá síneadh curtha leis an spriocdháta do léirithe spéise le bheith páirteach sa tionscadal.
Tá tuilleadh eolais agus acmhainní ar fáil trí chliceáil ar:

- shuíomh Oide ag an nasc seo.
- shuíomh na Rannóige Oideachais ag an nasc seo agus
- ar an bhfíseán thíos má chliceálann tú ar an íomhá.

Clicéail ar an íomhá le rochtain a fháil ar thuilleadh eolais maidir leis an tionscadal

WorldCLIL 2025

Ba chúis áthais dúinn ar an bhfoireann trasearnála sa GhaelAonad deis a fháil cur i láthair a dhéanamh ag Comhdháil Domhanda FCÁT 2025 a bhí ar siúl ar an 13-14 Meitheamh 2025. Is féidir breathnú ar réimse ábhar na comhdhála anseo. Is ar Thionscadal FCÁT na Roinne Oideachais 2024-2025 a bhí ár gcur i láthair bunaithe le béim ar chuir i bhfeidhm an tionscadail.Bhí sé deas bualadh lenár gcomhghleacaithe ón bhfoireann nuatheangacha iasachta a bhí ag freastal ar an gcomhdháil chomh maith.

Míle buíochas

Gabhann baill uile Fhoireann an GhaelAonaid buíochas leat as ucht do chuid rannpháirtíochta le linn na scoilbhliana seo. Táimid ag súil le leanúint orainn ag tacú le ceannairí scoile agus múinteoirí an bhliain seo chugainn agus cur leis an líon múinteoirí atá ag baint leas as ár seirbhís.

Go mbainfidh tú idir thaitneamh agus tairbhe as an samhradh.

Má ritheann aon cheist nó aon mholadh leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait.

Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

Is muidne le meas,
Foireann an GhaelAonaid in Oide.

Samhradh, samhradh, bainne na ngamhna,
Thugamar féin an samhradh linn.
Samhradh buí na nóinín glégeal,
Thugamar féin an samhradh linn.

Ón amhrán 'Thugamar Féin an Samhradh Linn' (Ní fios cé a chum).